

## Shakespeare a Tháinig go hÉirinn

Tadhg Ó Dúshláine

Dála an tseanfhocail tá scata deilíní de chuid na litríochta agus na critice nach bhfuil iontu ach leath na firinne. Múnlafodh glúin iomlán againn as mám den sórt seo: ‘tá scríbhneoirí na Gaeilge ag scríobh *in vacuo*; ‘always in the short story there is an intense awareness of human loneliness’; ‘ní hí firinne na litríochta, firinne an tsaoil’. Deilín áiféiseach amháin a raibh ann oiread sin de dhallómós náisiúnta dlite dó ná lámhálfadh aoinne againn a bhréagnú, ba ea ráiteas cáiliúil an Chriomhthanaigh ‘... mar ná beidh ár leithéidí arís ann’, go dtáinig a chomhghleacáil agus a fhearr gaoil, Pádraig Ua Maoileoin, ag déanamh scigaithrise air in *Ar Leithéidi Arís*. Cad tá sa ráiteas céanna, tar éis an tsaoil, ach an maoithnechas ar ghnáthach sa mharbhna foirmeálta a bhfuil friotal chomh paiteanta sin curtha air ag Shakespeare: ‘taken for all in all, he was a man. I shall not look upon his likes again?’ Muna ligfeadh anglafóibe chultúrtha na 60í dúinn an chosúlacht sin a chraoladh os aird ní mó ná ligfeadh sí dúinn an chosúlacht idir é agus rómánsaíocht Sir Walter Scott in *The Lay of the Lost Minstrel* a aithint: ‘But search the land of living men, / where will thou find their like again?’ (Canto 1, véarsa 11).

Ar na deilíní is iomrallaí a raibh rith an ráis liteartha leo go dtí le déanaí tá san a deir gur mór idir litríocht na Gaeilge agus litríocht an Bhéarla, agus é sin a deir gurb í an fhilíocht a chailltear

san aistriúchán. Ní ghéillim i gceachtar den dá chás agus is chuige sin san aiste seo mé.

A bhfochas do Dónall Ó Corcora agus go háirithe don chodarsnacht a léirigh sé idir Milton agus Mac Aingil, d’fhanamar dall ar na cosúlachtaí i mbéal an dorais againn, dála an leaid sa scéal béaloidis a chuitaigh andóigh seachas dóigh ar dtús, mar dhíoltas ar a leasmháthair. Ba dhóigh leat gur ag maíomh as feabhas na litríochta seo againne thar sin de chuid na gcomharsan a bhí sé nuair a dúirt sé faoi fhilíocht Aogáin Uí Rathaile: ‘it seems we are hearing a voice that out-Lears Lear’s.’ Agus bhí dul amú ceart ar an gCorcarach nuair d’áitigh sé nach raibh macasamhail duan Nollag Mhic Aingil sa Bhéarla. Glactar leis anois gur glan amach as an aigne bharó cach Chaitliceach chéanna a tháinig ‘Dia do bheatha, a Naí naoimh’ agus ‘Ode on the morning of Christ’s nativity’ de chuid Crashaw. Agus cuid de sheoda phrós an Chéitinnigh leis, tá a macasamhla i litríocht chomhaimseartha an Bhéarla. Ní hé gur aithris ná iasacht atá i gceist, ach gur cuid d’oidhreacht chomóntha ó thraigisiún tíriúil na seanmóireachta sa mheánaois an chuid is clúití den íomhára aige. Déanann sé beag is fiú de dhintíúirí staíre Stanihurst nuair a deir sé faoi: ‘gurab é fuath na n-Éireannach ceud-bhallán do tharraing’, mórán mar a chaitheann Hamlet anuas ar Osric lena ‘He did comply, sir, with his dug before he sucked it’.

Admhaítéar coitianta anois gur chuir Shakespeare cuid d’oidhreacht choitinn an bhéaloidis in oiriúint do choinbhinsiúin na drámaíochta lena linn agus d’adaigh drámaí dá chuid ar shean-scéalta a bhfuil a macasamhla sa Gaeilge: Macbeth (*Motif Index* G201; K1872.1); *The Taming of the Shrew* (*The Types of the Folktale*, 901); *The Merchant of Venice* (*The Types of the Folktale*,

890) agus *Cymbeline* (*The Types of the Folktale* 882 agus 854). I gcás Macbeth, go deimhin, ba dhóigh leat air gur ag géilleadh d'fhéith an scailéathan ann a bhí an t-údar sa chur síos ar na cailleacha san oscailt, ar mó de chosúlacht acu le mná sí na hÉireann ná le bandéithe clasaiceacha na cinniúna. Tharlódh leis gurb é altacht Hamlet sna línte 'The dreadful summit of the cliff / That beetles o'er his base into the sea', atá ag cur tineadh agus friotail ar altacht Mhuiris Uí Shúilleabhaín agus é ar bharr na haille i nDún Chaoi don chéad uair agus go bhfeiceann sé na naomhóga thíos ar an gcaladh uaidh faoi mar bheidís ina gciaróga móra dubha. Táthar den tuairim chomh maith gurb é spéis an údair i dteanga a chomharsan faoi deara an bhriléis a chuireann sé i mbéal Pistol in *Henry V* (iv 4): '... calmie custure me', mar mhagadh ar an bhFraincis.

As an bhféith Cheilteach sin in Shakespeare a fáisceadh pearsa agus scéal *Hamlet*, a mhaígh Matthew Arnold in *The Study of Celtic Literature*, cé nár ghéill aoinne dō ag an am, ná ó shin, go bhfios dom. D'áitigh Arnold nach mbeadh aon Shakespeare ann murach tionchar na gCeilteach:

But for early, frequent, and various contact with the race that in its half-barbarous days invented Ossian's dialogues with St. Patrick, and that quickened afterwards the Northmen's blood in France, Germanic England would not have produced a Shakespeare.

Déanann sé sainmhíniú chomh maith ar an aigne as ar fáisceadh pearsa chráite Hamlet:

... sentimental, if the Celtic nature is to be characterised by a single term, is the best term to take. An organization quick to feel impressions, and feeling them very strongly; a lively personality therefore, keenly sensitive to joy and to sorrow; this is the main point. If the downs of life too much outnumber the ups, this temperament, just because it is so quickly and nearly conscious of all impressions, may no doubt be seen shy and wounded; it may be seen in wistful regret, it may be seen in passionate, penetrating melancholy ...

Ní le teoiric amháin a fhanann sé ach déanann beachtú ar rian na hanála Ceiltí sin ar fhilosocht an Bhéarla:

If I were asked where English poetry got these three things, its turn for style, its turn for melancholy, and its turn for natural magic, for catching and rendering the charm of nature in a wonderfully near and vivid way, I should answer, with some doubt, that it got much of its turn for style from a Celtic source; with less doubt, that it got much of its melancholy from a Celtic source; with no doubt at all, that from a Celtic source it got nearly all its natural magic.

Agus i gcás Shakespeare, léiríonn sé cad tá i gceist leis an nota Ceilteach seo:

Shakspeare, in handling nature, touches this ... sheer inimitable Celtic note in passages like this:

The moon shines bright. In such a night as this,  
 When the sweet wind did gently kiss the trees,  
 And they did make no noise, in such a night  
 Troilus, methinks, mounted the Trojan walls  
 ... in such a night  
 Did Thisbe fearfully o'ertrip the dew  
 ... in such a night  
 Stood Dido with a willow in her hand,  
 Upon the wild sea-banks, and waved her love  
 To come again to Carthage.

Ní beag de theist ar theoric Arnold é go mba mhór an sólás é *Hamlet* don scoláire Gaeilge Seán Ó Caomhánach agus é i ngéibheann ar an gCurrach sa bliaín 1922-23. Tá cín lae na bliana sin aige lán d'eolas faoi chúrsaí staire agus d'éachtaintí ar aigne an bhraighdeanaigh.\* Chaith sé tamall ag déanamh a mharaína ar chás Hamlet agus á léamh faoi léas a thaithí féin. Bogann sé an scéal ar dtús ar an 1. 10. 1923 (is suimiúil gurb é an córas Meiriceánach a úsáideann sé maidir le dátú). Tá an buntéacs fágtha agam gan chaighdeánú.

Lá aoibhin eile seo ar nós an lae indé. Táim ag léigheamh Hamlet le cúpla lá – ag deunamh stuidéir air. Dréir gach aon deallraimh is ar sceul Gaedhealach atá sé aduighthe. Ainm ghaedhealach í seo ón ainm Amhlaobh ...

Ag léamh 'Amhlaobh' dom tharla ar an bhfocal 'crants'. Sin ceann de na focalaibh do chuireas go dtí Athair Ó

\*I mo sheilbh féin atá an lámhscríbhinn seo faoi láthair.

Duinnín bliadhanta ó shoin – ná raibh sain bhfoclóir. Tá sé coitcheann againn i nGaedhling. B'ait liom an uair sin é aach anois cím gur b'í an bhrígh cheudna atá ag Shakespeare leis atá againne. Agus ní focal coitcheann i mBeurla anois é. D'innseas don bhfile inniugh mar gheall air agus as san dúinn gur thráchtamair ar an gcómhacht a bhí ag an mbeuloideas Gaedhealach ar shaothar Shakespeare, mar atá san gcluiche seo Amhlaobh féin, comhairle Polionais do Laertes, chornh dlúth agus dealramhuigheann Comhairle na Bardscolóige dá mhac.

De réir mar a bhí príosúnaigh eile á saoradh agus gan aon chosúlacht air go scaoilfi amach é féin, bhí lagmhisneach ag teacht ar Sheán Óg agus chionn sé cosúlachtaí idir cás Hamlet agus a chás féin:

Mórán ag gearán anocht. Tá pobal a ceathair nách mór glan amach ar fad anois. Ní maith an tuar san. Do léigheas i Hamlet indiugh "a bheith nó gan a bheith – sin í an cheist". Sid é as Gaedling agat é.

A bheith, nó gan a bheith – sin í an cheist:	<i>To be or not to be; that is the question:</i>
Ceaca is uaisle don meanmain a fhulaing	<i>Whether 'tis nobler in the mind to suffer</i>
Urchair agus saoigheadha mí-áidh dialalta	<i>The slings and arrows of outrageous fortune</i>
Nó arm do ghlacadh in aghaidh bóchna clampair	<i>Or to take arms against a sea of troubles,</i>
Agus lena bhfreasabhradh deireadh do chur Leó – bás, – codladh, – sleep;	<i>And by opposing end them? To die, to</i>

Faic eile: agus trí chodladh a rádh  
criochnuighean

Daighcroidhe agus míle creithni-  
ugh aicionta

Is dual don gcreat – is críoch é.

Is mian diograiseach – bás – cod-  
ladh –

Codladh! Taidhreamh b'fhéidir! Á,  
sin í an fhadhb;

Mar i gcodladh san an bháis ní fios  
cá taidhreamh

Ar theilgean na falainge somharbh-  
tha so

Bheurfadh cosc orainn: sin é an tor  
A ghnidheas broid fad'shaoghalach;

Mar cé fhuilngeochadh lasc agus  
scoirn aimsire,

Eugceart an chloidhteóra, tarcuisne  
an tsutalaig,

Ríoga an ghrádha gan gean, moill  
na dlighe,

Sutal ceannuis, agus an diúltadh

A ghaibheas fiughantas foidhneach  
ón neimhfhugantach,

Tráth go mb'fhéidir leis féin a thó-  
mas do deunamh

Lé duig ghéar? Cé luighfeadh fén  
ualach so

Ag gnúsghal 'sag allus fé shaoghal  
thuirseamhail

Ach ar eagla roim rud éigin tréis  
bháis,

*No more; and by a sleep to say we end  
criochnuighean*

*The heart-ache and the thousand nat-  
ural shocks*

*That flesh is heir to, 'tis a consumma-  
tion*

*Devoutly to be wish'd. To die, to sleep;*

*To sleep: perchance to dream; ay, there  
is the rub*

*For in that sleep of death what dreams  
may come*

*When we have shuffled off this mortal  
coil,*

*Must give us pause: there's the respect  
That makes calamity of so long life;*

*For who would bear the whips and  
scorns of time,*

*The oppressors wrong, the proud man's  
contumely,*

*The pangs of despised love, the law's  
delay,*

*The insolence of office and the spurns  
That patient merit of the unworthy  
takes,*

*When he himself might his quietus  
make*

*With a bare bodkin? Who would  
fardels bear,*

*To grunt and sweat under a weary  
life,*

*But that the dread of something after  
death,*

An tír gan noctadh; o n-a  
teórainn

Ná filleann aon taisdealaidhe,  
seineann stailceadh don dtóil

Agus is móide sinn iad gach olc  
d'fhulang

Ná sceineadh uatha ar a mhalaírt  
nách eól dúinn?

Uime deineann an coguas meattaig  
dinn uile;

Agus uime malartuigheann dath  
dual ár rúin

Ar mhíltheacht clóidh an mhacht-  
naimh,

Agus tionnscaill tromdha agus tábh-  
acha

Ar an adhbhar san casaid a sruth i  
leataoibh

Agus tréigid ainm gnímh. Bog  
anois!

A Oifilia niamhdha! Brúch, it  
úrnaighe

Cuimhnigtear m'uile pheaca.

*The undiscover'd country from whose  
bourn*

*No traveller returns, puzzles the wéll*

*And makes us rather bear those ills we  
have*

*Than fly to others that we know not  
of?*

*Thus conscience doth make cowards of  
us all;*

*And thus the native hue of resolution*

*Is sicklied o'er with the pale cast of  
thought,*

*And enterprises of great pitch and  
moment*

*With this regard their currents turn  
awry*

*And lose the name of action. Soft you  
now,*

*The fair Ophelia! Nymph, in thy  
orisons*

*Be all my sins remember'd.*

Conas tá san, a léightheoir? Níl am agam ar fhilleadh air. Ní  
léighfead airís é fiú amháin chun a cheartuighthe. Ar nós  
Amhlaoibh, ná fuil ag triall ar mo bhás? Nách iondha rud a  
bheadh bailiaghthe brúigte isteach im bheatha agam dá  
ndeininn dícheall. Ach an tsiléige, cladhaire na beatha, do  
mheall sí me agus anois táim féin 'san bás ar chómhshnáth  
(sin focal breágh) le chéile, agus mo chreat córach, agus

m'fholt dubh agus smior mo chnámh, sid é an claochlódh  
bheas ortha dréir an fhile –  
Níl rud in achor ar bith san tsaoghal so –

(ní cuimhin liom an chuid eile: tá sé ag mo dheardhair, nó  
mara bhfuil tá sé ag Seamus Beag. Is maith a bhí sé ag Pádraig  
Ó Cathasaigh atá ar shlí na firinne)

Cóireóchadh mo leabuidhanois i gcomhair na hoidhche. Gur  
maith an maise dúinn go léir luighe innte agus go dtugaidh  
an lá ambáireach sceula éigin maith chugainn.



Cuireann rithim, macallaí agus *gravitas* na Gaeilge anseo le  
doimhne na díomuaine agus na meirtne a bhraitear, fáiscthe mar atá  
as taithí saoil agus taithí léinn an aistritheora agus cuireann toise  
breise le bun-éifeacht chatartach, theiripeach na monalóige seo. Is  
inniuila í an Ghaeilge, ba dhóigh leat, le hualach tromchúiseach  
fealsúnta na míúine seo ar an bhféinmháru a iompar. Más flor san,  
ardaíonn sé ceisteanna suimiúla faoi ealaín an aistriúcháin. Ní  
bhíonn in aon ghníomh scríbhneoireachta ach iarracht; urchar an  
daill faoin ndabhach go minic agus ní dhéanann ach ceansú ar an  
smaoineamh nó ar an mothú, á ionchollú ina chóip lochtach den  
mothú idéalach i dtéarmaí Platónacha, dá dtagraíonn an  
Ríordánach sa réamhrá le *hEireaball Spideoige*, agus ar a gcuireann  
sé friotal cliste, connail sa bhúrdún ‘Conas?’ ina dhiaidh sin:

Conas go ndeirimid an rud ná rabhamar chun a rá?  
Conas go leanaimid an múnlá ceannan céanna cnámh?

Conas nach féidir linn a mhalaírt d'abairt riamh a rá,  
Fé mar ba chreatlach an teanga agus sinne smior na gcnámh?

Tá traidisiún an aistriúcháin sa Ghaeilge comhuaineach leis an  
nGaeilge scríofa agus is iontach mar a chuireann an taithí agus an  
fhéith dhúchais leis an mbunsaothar go minic: i *Scuab an Chrábhaidh* nó i *Merugud Uilix*, mar shampla; nó i gcuid de na  
seoid-iarrachtaí aistriúcháin a deineadh faoin nGum. Maíonn  
scoláire mór amháin gurb é *The Hound of the Baskervilles* ‘one of  
the formative myths of the twentieth century’, ag tabhairt dúshlán  
an réasúin agus an eolais agus ag macallú siar trí thraigisiún an  
bhéaloidis agus na miotaseolaíochta. Is alltaí fós íomhá chú seo an  
bháis i dtraigisiún na Gaeilge siar go heipic na Tána, rud a fhágann  
breis éifeacht chorraithe san aistriúchán Gaeilge, go háirithe i  
mbuaic scaoilte an scéil. Ar an dtéad chéanna, is féidir a áitearnh  
go sáraíonn aistriúchán Sheáin Uí Ruadháin, bunleagan Dickens  
de *David Copperfield*. Ní choinneodh ‘The Storm at Yarmouth’  
(caib. LV) coinneal le méaldrámatúlacht mhaoithneach na  
‘Stoirmé’, mar a bhfaighimid an focal ‘uafásach’ dhá uair déag; agus  
an dá ráiteas seo a leanas, ar clocha coirnéil na nuafhilíochta a  
macasamhla: ‘Rachad síos anocht’ (938); agus ‘comhad na  
cuimhne’ (943).

Is léir ó thraigisiún an aistriúcháin Ghaeilge go n-acláitear  
réimse agus acmhainn na teanga ann ar shlite atá níos fairsinge  
agus níos doimhne ná na bunsaothair go minic. Tá faoi mar a  
bheadh tualangacht aiceanta na Gaeilge á athmhúscait faoi anáil  
na hiasachta, nó, faoi mar d'áiteodh Matthew Arnold, imircigh  
liteartha ag filleadh ar an bhfód ónar lingedar an chéad lá.